

8. An t-ochtú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún earráidí dlí, fíorais agus measúnaithe agus é á maíomh go mbeadh tionchar díreach agus diúltach ag an idirbheart ar iomaíocht éifeachtach sna sé thír tagartha nó in LEE.
9. An naoú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún earráidí dlí, fíorais agus measúnaithe, agus é ag díbhe éilimh na bpáirtithe go gcuirfeadh an t-idirbheart dlús cúig bliana ar a laghad le seoladh Galleri in LEE agus go sábhálfaí na mílte duine, agus go ndéanfaí inmheánú ar chorrlaigh Illumina agus córais NGS á ndíol le GRAIL, go gcuirfí deireadh le himeallú dubailte agus go mbeadh coigilteas suntasach ann do chórais sláinte náisiúnta na mBallstát agus do cháiniocóirí trí chostais chóireála aise a laghdú. Murab ionann agus líomhaintí an Choimisiúin, bheadh éifeachtúlachtaí uile an idirbhirt sainiúil don chumasc, infhíoraíthe, agus rachadh sé chun tairbhe do thomhaltóirí.
10. An deichiú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún earráidí dlí, fíorais agus measúnaithe, agus é ag diúltú do phacáiste cuimsitheach leighis Illumina, lena n-áirítear ní hamháin an Tairiscint Oscailte, ach freisin ceadúnú, tarascaileadh, agus gealltanais neamhfhorfheidhmiú a d'éascódh iontráil réamhtheachtach agus leathnú ag iomaitheoirí Illumina.

Caingean arna tabhairt an 14 Samhain 2022 – Nutmark v an Coimisiún

(Cás T-714/22)

(2023/C 24/82)

Teanga an cháis: an Phortaingéilis

Páirtithe

Iarratasóir: Nutmark Lda (Zona Franca da Madeira) (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: P. Vidal Matos agus F. Lança Martins, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;
- a ordú don Choimisiún Eorpach na costais go léir a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena achomharc i gcoinne Chinneadh (AE) Uimh. 2022/1414 an Choimisiúin an 4 Nollaig 2020, maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex-2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) – Scéim III [arna fógairt le huimhir C(2020) 8550] (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall ar an gcóras tagartha a bheith aitheanta go mícheart de shárú ar Airteagal 4(2) CAE agus ar Airteagail 107(1) agus 263 CFAE.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall ar mhainneachtain a léiriú gurb ionann Scéim III den Zona Franca da Madeira agus maolú ar an gcóras cánach tagartha lena dtugtar isteach idirdhealuithe idir trádálaithe atá i staid inchomparáide fíorasach agus dlí, de shárú ar Airteagal 107(1) CFAE.

An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas atá ag baint le hábhar chun Scéim III den Zona Franca da Madeira a chur chun feidhme mar is cuí, a mhéid gur ghlac Poblacht na Portaingéile critéir chuige sin atá i gcomhréir le hAirteagal 107(1) CFAE.

An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall go ndearnadh sárú ar phrionsabail na soiléireachta agus na deimhneachta dlíthiúla, a chumhdaítear in Airteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 CFAE a chur chun feidhme.

An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí mar gheall ar go ndearnadh sárú ar an gceart chun maoine príobháidí, a chumhdaítear in Airteagal 1 den Phrótocal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.
